An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtphlean Straitéiseach, 2026-2029

## Le haghaidh comhairliúcháin



Eanáir 2026



# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ....4

TÍRDHREACH OIDEACHASÚIL ....6

FÍS, MISEAN, LUACHANNA AGUS BEALAÍ OIBRE....7

Ár bhFís....7

Ár Misean ....7

Ár gCuid Luachanna agus Bealaí Oibre ....7

- Meas....7
- Comhionannas agus Ionchuimsiú ....8
- Gairmiúlacht ....8
- Iontaoibh agus Ionracas....8
- Comhoibríoch....8
- Réamhbhreathnaitheach....9
- Lúfar ....9

ÁR SAINCHÚRAM AGUS ÁR STRUCHTÚR .... 10

Ár Sainchúram....10

Ár Struchtúr ....10

SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA AGUS CUMASÓIRÍ.... 11

Spriocanna Straitéiseacha ....12

- Sprioc 1: Athbhreithniú agus Forbairt Curaclaim.... 12
- Sprioc 2: Measúnú agus Tuairisciú .... 13

Cumasóirí Straitéiseacha ....14

- Cumasóir 1: Comhpháirtíocht, Rannpháirtíocht agus Comhoibriú.... 14
- Cumasóir 2: Eolas agus Taighde.... 14
- Cumasóir 3: Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil.... 15
- Cumasóir 4: Rialachas .... 15
- Cumasóir 5: Teicneolaíocht Dhigiteach.... 16
- Cumasóir 6: Cumarsáid.... 16

AN STRAITÉIS A CHUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT AGUS BREITHMHEAS A DHÉANAMH UIRTHI .... 18

# Réamhrá

Tá go leor againn ar féidir linn a bheith bródúil as agus a cheiliúradh inár gcóras oideachais, agus ar bhonn áitiúil inár gcuid pobal scoile agus luath-óige. Léiríodh le staidéir fhadaimseartha[1] go bhfaigheann páistí agus daoine óga, den chuid is mó, taithí dhearfach ar an oideachas in Éirinn. Ar a bharr sin, díríonn ár seasamh ar bhonn idirnáisiúnta aird ar éachtaí faoi leith i réimsí áirithe den fhoghlaim agus teagasc agus leagann béim freisin ar réimsí ar gá díriú orthu. Bíonn fírinne an scéil á múnlú, go pointe áirithe, ag curaclam a threoraíonn an fhoghlaim, an teagasc agus an measúnú. Ar an gcaoi seo, bíonn ról ríthábhachtach i gcónaí ag an gcuraclam agus ag na socruithe measúnaithe a bhaineann leis maidir le bheith ag tacú le páistí agus daoine óga le go dtiocfaidh rath agus bláth orthu agus le go mbainfidh siad amach barr a gcumais san oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile.

Tá an domhan go fóill á mhúnlú ag mearathrú teicneolaíochta lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), idircheangailteacht dhomhanda, an éagsúlacht chultúrtha, an deighilt shóisialta, an t-athrú aeráide, míshocrachtaí polaitiúla agus patrúin oibre athraitheacha. Bíonn tionchar ag na gnéithe seo den saol nua-aimseartha ar na bealaí a mbíonn páistí agus daoine óga ag foghlaim; na bealaí a gcastar faisnéis orthu agus an chaoi a mbíonn siad ag obair léi; mar a dhéanann siad spásanna ar líne a ionramháil; mar a dhéanann siad cumarsáid, mar a shamhlaíonn siad a dtodhchaí; agus mar a chuireann siad lena bpobal. Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas sa chomhthéacs seo. Ní mór go gcuirfeadh sé ar chumas páistí agus daoine óga a bheith beo leis an gcastacht trí thuiscint dhomhain, smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht, feasacht eiticiúil, meas ar an éagsúlacht agus an cumas a bheith ag foghlaim ó dhaoine eile, a chothú. De réir mar a athraíonn an IS agus teicneolaíochtaí eile an tsochaí, ní mór go dtabharfaí tús áite sa churaclam do na nithe is tábhachtaí do na saoránaigh is óige againn. Is é seo is cúlra d'obair CNCM in 2026-2029, tréimhse ina mbeimid ag díriú freisin ar chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Le go mbeidh curaclam againn atá ábhartha do shaol na bpáistí agus na ndaoine óga, a aithníonn a nguth agus a bhféiniúlacht; agus a chinntíonn ábharthacht, rannpháirtíocht agus cothromas sa mhéid a fhoghlaimíonn siad agus sa chaoi a mbíonn siad ag foghlaim, ní mór dúinn freagairt d'eispéiris na bpáistí agus na ndaoine óga. Le linn 2022-2025, thug CNCM faoi mhóroibreacha athbhreithnithe agus athfhorbartha curaclaim. Le croí-chlocha míle amhail nuashonrú Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige; athfhorbairt churaclam na bunscoile; dul chun cinn suntasach i dtaca le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí; agus athbhreithnithe luatha agus nuashonruithe ar churaclaim na sraithe sóisearaí, leagadh síos bunsraith thábhachtach chun a leithéid de churaclam a réadú don uile earnáil. Cuirfear leis seo sna ceithre bliana atá romhainn go bhfeice muid cur i gcrích na céime seo den mhórathbhreithniú agus athfhorbairt churaclaim ón luath-óige a fhad leis an tsraith shinsearach.


Agus muid ag tabhairt faoin obair seo, bainfidh CNCM a 25ú bliain amach ó bunaíodh í ina comhlacht reachtúil. Is ionann é seo agus deis dúinn a thuilleadh machnaimh a dhéanamh ar a fheabhas a bhíonn ár gcuid próiseas chun an curaclam a athbhreithniú agus a athfhorbairt ag freastal ar pháistí agus daoine óga agus ar shochaí na hÉireann. Cuirfidh a leithéid de mhachnamh le forbairt na bpróiseas sin agus muid '*Ag*

[1] Cuireadh dhá staidéar fhadaimseartha a fuair maoiniú ó CNCM i gcrích le linn shaolré Phlean Straitéiseach 2022-2025 na Comhairle. Orthu seo, bhí *Saol Scoile Páistí*, staidéar ar thug an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi, agus *Exploring the introduction of the Junior Cycle Framework in post-primary schools*, staidéar ar thug Ollscoil Luimnigh faoi.

*forbairt agus ag cur i bhfeidhm cur chuige lena n-éascófar athbhreithniú níos timthriallaí córasaí ar an gcuraclam ar fud na n-earnálacha go léir*' (lch 11). Is díol suntais é freisin go dtiocfaidh deis do shochaí na hÉireann sna míonna beaga atá romhainn, deis nach dtagann ach uair amháin do gach glúin, chun a gcuid tosaíochtaí ó thaobh an oideachais de a chur in iúl. Is cinnte go mbeidh ábharthacht ag baint lena leithéid seo de thosaíochtaí don churaclam. Táimidne ag tnúth le bheith ag cur leis an gcomhrá sin agus ár sciar féin a dhéanamh chun na tosaíochtaí a thiocfaidh amach as a thabhairt chun cinn.



# Tírdhreach Oideachasúil



Bíonn an tírdhreach ina n-oibríonn CNCM ag forbairt de shíor, rud a thugann deiseanna agus dúshláin úra a eascraíonn as dul chun cinn sa teicneolaíocht, athruithe beartais agus athruithe maidir le luachanna agus riachtanais na sochaí. Is dócha go múnlóidh na tosca a leanas an timpeallacht ina mbíonn CNCM ag feidhmiú mar aon le hionchais na sochaí ó thaobh an churaclaim de sna blianta atá romhainn.

| An Timpeallacht Oibríochtúil – tosca seachtracha agus inmheánacha |
|---|
| **Inbhuanaitheacht agus Cearta**<br>➢ Ról an ghníomhaithe ar son na haeráide, an chomhionannais, agus chearta an duine maidir le tosaíochtaí curaclaim agus beartais a mhúnlú<br>➢ An inbhuanaitheacht agus an comhionannas a leabú in oibríochtaí agus i rialachas na heagraíochta<br><br>**Pobail agus Rannpháirtíocht**<br>➢ Déimeagrafaic athraitheach, imirce, agus comhpháirteachas poiblí ag dul i bhfeidhm ar ionchais an churaclaim<br>➢ Próisis agus comhpháirtíochtaí ionchuimsitheacha a fhorbairt lena neartaítear guthanna agus lena leathnaítear an rannpháirtíocht<br><br>**Folláine**<br>➢ Fócas ar fud an chórais ar an bhfolláine mar sprioc oideachasúil<br>➢ Tús áite a thabhairt don fholláine foirne, don teacht aniar do chultúr tacúil eagraíochtúil<br><br>**An Teicneolaíocht Dhigiteach agus an Intleacht Shaorga (IS)**<br>➢ Mearathrú teicneolaíochta agus an IS ag dul i bhfeidhm ar an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnú<br>➢ Neartú na hacmhainneachta digití, na cibearshlándála agus úsáid eiticiúil na teicneolaíochta<br><br>**Beartas agus Rialachas**<br>➢ Beartais agus tosaíochtaí náisiúnta úra agus cinn atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear iad sin atá ag eascairt as an gCoinbhinsiún Oideachais<br>➢ Leasuithe reachtaíochta agus rialála agus próisis mhúnlaithe nuálaíochta san earnáil phoiblí<br>➢ Riachtanais mhéadaithe maidir le rialachas agus comhlíontacht stóinsithe, agus an gá méadaitheach atá le lúfaireacht ó thaobh próisis chinnteoireachta de<br><br>**Daoine agus Cultúr**<br>➢ Ilchineálacht mhéadaithe i bpobail, i scoileanna agus i suíomhanna agus ionchais agus tosaíochtaí athraitheacha don oideachas<br>➢ Ionchais atá ag forbairt maidir leis an lucht saothair agus ilchineálacht san áit oibre<br>➢ Infheistíocht san fhoghlaim ghairmiúil, pleanáil comharbais, agus cultúr eagraíochtúil ionchuimsitheach<br><br>**Cumarsáid agus Iontaoibh**<br>➢ Éileamh méadaitheach ar thrédhearcacht agus cuntasacht, agus rannpháirteachas ilghnéitheach le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal<br>➢ Cumarsáid oscailte agus iontaoibh a chothú laistigh d'fhoirne agus ar fud struchtúir eagraíochtúla<br><br>**Foghlaim agus Athbhreithniú Leanúnach**<br>➢ A thábhachtaí a bhíonn athbhreithniú taighde-bhunaithe timthriallach chun freagairt d'eispéiris suíomhanna agus scoileanna i dtaobh an churaclaim agus d'athruithe sochaíocha, eacnamaíocha agus beartais<br>➢ Bheith ag foghlaim ó thaighde, athbhreithnithe, breithmheasanna, comhairliúcháin agus torthaí an Choinbhinsiúin Náisiúnta ar an Oideachas<br>➢ Feabhsúchán leanúnach a leabú i gcórais agus i gcleachtais |

# Fís, Misean, Luachanna agus Bealaí Oibre

## Ár bhFís

Is é is fís dúinn ná forbairtí inbhuanaithe curaclaim agus measúnaithe a threorú lena gcuirfear ar chumas páistí agus daoine óga bláthú anois agus amach anseo.

## Ár Misean

Is é is misean dúinn ná comhairle ardchaighdeáin, arna treorú ag taighde, a chur ar an Aire Oideachais agus Óige maidir le cúrsaí curaclaim agus measúnaithe don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. Agus páistí agus daoine óga á gcoinneáil ag croílár chinntí na Comhairle, bíonn an chomhairle churaclaim agus mheasúnaithe seo réamhbhreathnaitheach; tacaíonn sí leis an ionchuimsiú, leis an gcomhionannas agus leis an nuálaíocht; agus cuireann sí chun cinn eispéiris foghlama a bhíonn bríoch taitneamhach agus a mbíonn dúshlán iomchuí ag baint leo.

Bainimid é seo amach trí:

- bheith ag obair go dlúth le múinteoirí, oideoirí luath-óige, páistí agus daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí, ceannairí scoile agus bainisteoirí
- taighde a dhéanamh, a úsáid agus a roinnt mar bhonn le plé, machnamh agus díospóireacht chuiditheach ar an múinteoireacht, an fhoghlaim agus an measúnú
- comhairliúchán fairsing poiblí a dhéanamh ar fhorbairtí curaclaim agus measúnaithe atá beartaithe
- comhphlé agus díospóireacht dhomhain atriallach a éascú agus a chothú laistigh de struchtúir ionadaíocha de chuid na gcomhpháirtithe oideachais
- trí bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara níos leithne le smaointeoireacht agus gníomhartha a chur chun cinn chun tacú le cur i bhfeidhm forbairtí curaclaim agus measúnaithe i suíomhanna luath-óige agus i scoileanna.

## Ár gCuid Luachanna agus Bealaí Oibre

Tá seacht luach agus bealach oibre mar bhonn agus mar thaca faoi chur chuige CNCM i leith na forbartha curaclaim agus measúnaithe, agus i leith an rialachais chorparáidigh. Léiríonn siad seo ár dtiomantas i leith:

- comhairle don Aire a bhíonn bunaithe ar fhianaise, ionchuimsitheach, ábhartha agus a thacaíonn leis an dul chun cinn i bhfoghlaim páistí agus daoine óga
- sármhaitheas sa tseirbhís phoiblí.

Tá na Luachanna agus na Bealaí Oibre seo leabaithe inár gcuid próiseas, cinnteoireachta, struchtúr rialachais agus inár gcaidreamh lena chéile agus le gach duine lasmuigh den eagraíocht. Treoraíonn siad na bealaí a gcomhlíonaimid ár misean agus a réadaímid ár bhfís don churaclam agus don mheasúnú.

### Meas

Léirímid aird ar dhínit an duine, ar chearta agus ar dhearcthaí pearsanta an uile dhuine lena mbímid

ag obair. Bímid cineálta tuisceanach inár gcuid idirghníomhaíochtaí le páistí, daoine óga agus daoine fásta agus cothaímid cultúr cóimheasa ina gcloistear guthanna éagsúla, ina moltar agus ina n-aithnítear ionchur agus ina mbraitheann an uile dhuine sábháilte agus go bhfuil fiúntas leis nó léi. Bímid ar ár ndícheall freisin lucht saothair ilchineálach ionchuimsitheach a fhorbairt agus a chothú in CNCM.

### Comhionannas agus Ionchuimsiú

Bímid meáite ar an gcomhionannas a chur chun cinn, ar an leithcheal a chosc, agus ar a chinntiú go gcaitear leis an uile dhuine ar bhonn cothrom. Bímid ag obair go gníomhach chun bacainní roimh an rannpháirtíocht agus an dul chun cinn a chealú, san fhorbairt curaclaim agus measúnaithe agus laistigh dár n-eagraíocht féin. Tacaímid leis an oideachas ionchuimsitheach ina n-aithnítear uathúlacht agus cearta an uile pháiste agus duine óg agus ina ndéantar ceiliúradh ar an ilchineálacht, faoi gach aon riocht.

### Gairmiúlacht


Cloímid le hardchaighdeáin inár gcuid oibre agus sna hidirghníomhaíochtaí agus sa rannpháirteachas a bhíonn againn le daoine eile. Is mór linn an fhiosracht agus an oscailteacht i leith smaointeoireacht úr agus muid ag cur le láidreachtaí an chórais oideachais agus ag forbairt comhairle a bhíonn ábhartha agus a mbíonn an uaillmhian iomchuí ag baint léi. Bímid bródúil as an gcomhairle ardchaighdeáin a fhorbraímid don Aire, rud a mbíonn d'acmhainn aici difear dearfach marthanach a dhéanamh don taithí a bhíonn ag páistí agus daoine óga.

### Iontaoibh agus Ionracas

Iompraímid muid féin le hionracas, trédhearcacht agus diongbháilteacht eiticiúil, ag cur leas an phobail agus maoirseacht acmhainní poiblí os cionn leasanna pearsanta. Cothaímid iontaoibh trí chomhleanúnachas idir ár gcuid briathra agus ár gcuid gníomhartha, trí rannpháirteachas ionraic le castacht agus le dúshlán, agus tiomantas daingean dár sainchúram reachtúil. Glacaimid freagracht as ár gcuid cinntí agus as an tionchar a bhíonn acu.

### Comhoibríoch

Bímid ag comhoibriú le daoine eile le comhairle a fhorbairt a bhíonn bunaithe ar fhianaise ó thaighde, ar chleachtas agus ar thaithí saoil páistí agus daoine óga. Bímid cruthaitheach agus baineann triail as cuir chuige úra chun rannpháirteachas an phobail le múnlú an churaclaim a spreagadh agus a éascú. Trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a chothú, bímid ag cur leis an eolas agus leis an oilteacht as gach réimse den chóras oideachais, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun ár gcuid oibre a chur chun cinn agus chun tacú le hobair daoine eile.



## Réamhbhreathnaitheach

Coinnímid páistí agus daoine óga i gcroílár ár gcuid oibre. Coinnímid suas leis an smaointeoireacht oideachasúil agus déanaimid plé agus díospóireacht air seo. Trí thaighde úr a fhiosrú agus trí cheannasaíocht a léiriú, cinntímid go mbíonn ról dearfach ag an gcomhairle a thugaimid don Aire chun freastal ar riachtanais fhoghlaimeoirí an lae inniu agus an lae amárach.

## Lúfar

Déanaimid muid féin a oiriúnú agus freagraímid do riachtanais éiritheacha páistí agus daoine óga agus na sochaí ar bhonn níos ginearálta. Trí bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach; aiseolas a lorg trí chomhairliúchán poiblí; agus fanacht ar an eolas maidir le taighde, forbairtí beartais agus cleachtais nuálacha san oideachas, bímid i gcónaí solúbtha inár gcuid smaointeoireachta le go mbíonn ár gcomhairle ar chúrsaí curaclaim agus measúnaithe á múnlú trí chomhaontú a fhorbairt agus le go mbíonn sí i gcónaí ábhartha agus go mbíonn tionchar aici.



# Ár Sainchúram agus ár Struchtúr

## Ár Sainchúram

Arna bunú ina comhlacht reachtúil in 2001, tá ról CNCM leagtha amach in Ailt 41.1 (a agus b) agus 41.2 (a-l) den Acht Oideachais, 1998, mar a bhfuil cur síos ar an gComhairle ag cur comhairle ar an Aire Oideachais agus Óige maidir le ceisteanna a bhaineann:

- leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus
- leis na nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

## Ár Struchtúr


Is é an tAire Oideachais agus Óige a cheapann an Chomhairle, lena n-áirítear seisear comhaltaí is fiche agus an Cathaoirleach. Is iad na comhpháirtithe oideachais, a dhéanann ionadaíocht do mhúinteoirí, oideoirí luath-óige, bainisteoirí scoile, tuismitheoirí, leasanna gnó, ceardchumainn, eagraíochtaí Gaeilge, oideachas speisialta agus leasanna oideachais eile, a ainmníonn tromlach na gcomhaltaí. Cuimsíonn an Chomhairle ainmní amháin freisin le gach ceann acu seo a leanas, faoi seach; an Roinn Oideachais agus Óige; Coimisiún na Scrúduithe Stáit; an tAire Oideachais agus Óige; agus an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais.

Tagann an Chomhairle le chéile seacht n-uaire sa bhliain, ar a laghad. Mar comhlacht poiblí, tá socruithe rialachais na Comhairle, a cuid struchtúr agus a cuid oibre leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) mar aon le Téarmaí Tagartha na Comhairle. Déanfaidh an Chomhairle a cheapfar i mí an Mhárta, 2026, maoirseacht ar an bplean straitéiseach nua seo.

Tá foireann fheidhmeannach lánaimseartha ag CNCM a bhíonn faoi cheannas Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Déanann an Cathaoirleach an Chomhairle a stiúradh chun tosaíochtaí agus treo straitéiseach na heagraíochta a dhéanamh amach agus déanann an POF an fhoireann feidhmiúcháin agus a gcuid oibre le fochoistí na Comhairle agus a cuid struchtúr cumasaithe—Boird agus Meithleacha Forbartha—a stiúradh chun na tosaíochtaí seo a chur chun feidhme. Déantar an eagraíocht a mhaoiniú trí dheontas ón Roinn Oideachais agus Óige.




# Spriocanna Straitéiseacha agus Cumasóirí



Beidh obair CNCM sna ceithre bliana atá romhainn dírithe ar dhá sprioc straitéiseacha:

- *Athbhreithniú agus Forbairt Curaclaim*
- *Measúnú agus Tuairisciú.*

Léiríonn na spriocanna seo tosaíochtaí na Comhairle agus bíonn san áireamh leo ceanglais i dtaca le beartais agus pleananna náisiúnta amhail [Clár an Rialtais, 2025](), [Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2025-2028]() agus Pleananna Gníomhaíochta don oideachas. Tacaíonn sé chumasóir straitéiseacha leis an gComhairle chun na spriocanna a réadú. Tá na cumasóirí seo ag teacht le prionsabail [Seirbhísí Poiblí Níos Fearr 2030](), rud a chinntíonn trédhearcacht, cuntasacht agus nuálaíocht chun luach ar airgead a sholáthar don phobal.






## Spriocanna Straitéiseacha

### Sprioc 1: Athbhreithniú agus Forbairt Curaclaim



Trí phróisis an athbhreithnithe agus na forbartha, cinnteoimid go gcothaíonn agus go n-éascaíonn an curaclam agus na socruithe measúnaithe a ghabhann leis dul chun cinn i bhfoghlaim páistí agus daoine óga i ngach earnáil agus thar aistrithe oideachasúla.

Táimid meáite ar na nithe seo a leanas a bhaint amach faoi 2029.

| | Cuspóirí | |
|---|---|---|
| **Trasearnálach** | **SS1.1** | Cur chuige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-éascófar athbhreithniú níos timthriallaí córasaí ar an gcuraclam. |
| | **SS1.2** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, mar is cuí, ar na sonraíochtaí curaclaim reatha agus sonraíochtaí úra a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais shainaitheanta agus ar riachtanais bheartais. |
| | **SS1.3** | Curaclam a fhorbairt chun tacú le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann trasna chontanam an oideachais. |
| | **SS1.4** | Bailchríoch a chur ar fhorbairt agus comhtháthú na bPríomhinniúlachtaí sa churaclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus tacú le scoileanna chun iad seo a chur i bhfeidhm. |
| | **SS1.5** | Oideolaíochtaí éifeachtacha a eiseamláiriú chun tacú le dul chun cinn agus chun deiseanna a sholáthar i dtaca le rogha agus cinnteoireacht san fhoghlaim do pháistí agus daoine óga. |
| **Luath-Óige** | **SS1.6** | Tacú le hearnáil na luath-óige chun Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige a úsáid chun eispéiris foghlama ardchaighdeáin a sholáthar do pháistí ar feadh na luath-óige. |
| **Bunscoil** | **SS1.7** | Tacú le bunscoileanna agus scoileanna speisialta chun Curaclam Athfhorbartha Bunscoile a úsáid le heispéiris foghlama, teagaisc agus measúnaithe ardchaighdeáin a sholáthar i ngach réimse den churaclam. |
| | **SS1.8** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an treoir a bhaineann le pleanáil agus ullmhúchán, agus leis an ionchuimsiú do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfianaise an Churaclaim Bunscoile Athfhorbartha. |

| | | |
|---|---|---|
| **An tSraith Shóisearach** | **SS1.9** | Tacú le hiar-bhunscoileanna chun leas a bhaint as an *gCreat don tSraith Shóisearach* mar bhunús do phleanáil agus cur i bhfeidhm a gcuid clár don tsraith shóisearach. |
| | **SS1.10** | An *Creat don tSraith Shóisearach* a nuashonrú mar fhreagairt ar thorthaí taighde lena chinntiú go leanann sé de bheith ag tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin. |
| **An tSraith Shinsearach** | **SS1.11** | Athbhreithniú agus athfhorbairt an tacair iomláin d'ábhair agus modúil de chuid na Sraithe Sinsearaí a chur i gcrích. |
| | **SS1.12** | Conairí a fheabhsú do scoláirí tríd an tsraith shinsearach chun níos mó rogha agus solúbthachta le haghaidh dul chun cinn a chur ar fáil do gach duine óg. |

## Sprioc 2: Measúnú agus Tuairisciú



Tríd an measúnú a ailíniú le cuspóirí curaclaim, déanfaimid cleachtais mheasúnaithe a chur chun cinn agus a eiseamláiriú a thacóidh le foghlaim páistí agus daoine óga i ngach réimse den churaclam. Tacóimid le tuairisciú a léireoidh dul chun cinn agus gnóthachtáil foghlaimeoirí ar fud an churaclaim.

Táimid meáite ar na nithe seo a leanas a bhaint amach faoi 2029.

| | **Cuspóir** | |
|---|---|---|
| **Trasearnálach** | **SS2.1** | Cleachtais measúnaithe foirmithe agus breithiúnas an mhúinteora a chur chun cinn chun tacú leis an dul chun cinn i ngach gné den fhoghlaim do pháistí agus daoine óga ar fud chontanam an oideachais. |
| | **SS2.2** | An tacar de shamplaí ar cháilíocht dhearbhaithe, lena léirítear oideolaíochtaí agus ionchais d'fhoghlaimeoirí, a athlíonadh agus a leathnú. |
| **Luath-Óige** | **SS2.3** | Athbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar ábhair thuairiscithe Mo Scéal le go mbeidh siad ag teacht leis an leagan nuashonraithe d'Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. |
| **Bunscoil** | **SS2.4** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an treoir ar an measúnú, i bhfianaise an Churaclaim Bunscoile Athfhorbartha, agus samplaí ón gcleachtas a sholáthar. |
| | **SS2.5** | Athbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar ábhair thuairiscithe, lena n-áirítear an Pas Oideachais, le go mbeidh siad ag teacht leis an gCuraclam Bunscoile athfhorbartha. |

| | | |
|---|---|---|
| **An tSraith Shóisearach** | **SS2.6** | Tacú le hobair na scoileanna ar an gcur chuige déach i leith an mheasúnaithe sa *Chreat don tSraith Shóisearach.* |
| **An tSraith Shinsearach** | **SS2.7** | Socruithe measúnaithe agus tuairisciú taobh istigh de agus ag deireadh na sraithe sinsearaí a leathnú chun fairsinge agus doimhneacht dhul chun cinn agus gnóthachtáil na scoláirí a léiriú agus chun tacú leis an aistriú ón scoil agus ó shuíomhanna oideachais eile. |

## Cumasóirí Straitéiseacha

### Cumasóir 1: Comhpháirtíocht, Rannpháirtíocht agus Comhoibriú

Forbróimid comhpháirtíochtaí láidre ionchuimsitheacha ina gcuimseofar guthanna ilchineálacha chun athruithe curaclaim agus measúnaithe a mhúnlú. Tacóidh na gníomhartha '*Comhpháirtíochta, Rannpháirtíochta agus Comhoibrithe*' a leanas linn na Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS1.1** | Straitéis Chomhairliúcháin 2027–2029 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-éascófar rannpháirtíocht guthanna agus dearcthaí éagsúla chun comhairle churaclaim agus measúnaithe a mhúnlú, agus lena léireofar an tionchar a bhíonn ag comhairliúchán ar an gcomhairle seo. |
| **CS1.2** | A bheith ag obair go dlúth le scoileanna agus suíomhanna le faisnéis a thiomsú agus le bheith ag foghlaim óna n-eispéiris, le smaointe a fhorbairt agus le tacaíochtaí a threorú le haghaidh chur i bhfeidhm athruithe curaclaim agus measúnaithe. |
| **CS1.3** | A bheith ag obair le comhpháirtithe san oideachas, seirbhísí tacaíochta, institiúidí oideachais/oideachas múinteoirí agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais chun acmhainn a fhorbairt le haghaidh athrú curaclaim agus measúnaithe. |
| **CS1.4** | A bheith ag comhoibriú le heagraíochtaí agus ranna rialtais d'fhonn ailíniú a bhaint amach idir forbairtí curaclaim agus measúnaithe agus beartais agus gealltanais phoiblí níos leithne. |
| **CS1.5** | Cur leis an Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear trí struchtúir idir-rannacha. |

### Cumasóir 2: Eolas agus Taighde

Déanfaimid taighde ardchaighdeáin a ghiniúint, a úsáid agus a chomhroinnt chun forbairt curaclaim agus measúnaithe agus feabhsúchán leanúnach a threorú maidir leis an mbealach a dtugaimid faoinár gcuid oibre. Tacóidh na gníomhartha '*Eolais agus Taighde*' a leanas linn na Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

| Uimhir | Gníomhartha |
|---|---|
| **CS2.1** | An Straitéis Taighde 2027–2029 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. |

| | |
|---|---|
| **CS2.2** | Taighde a bhainfidh go sainiúil lenár gcuid oibre forbartha agus athbhreithnithe curaclaim agus measúnaithe a choimisiúnú. |
| **CS2.3** | Ár gcuid próiseas le haghaidh athbhreithniú luath ar athruithe curaclaim agus athbhreithnithe a fhorbairt. |
| **CS2.4** | Torthaí agus cinntí an taighde a ndearna CNCM é a mhaoiniú a scaipeadh chun díospóireacht a spreagadh agus a threorú ar bhonn poiblí agus laistigh de struchtúir CNCM. |
| **CS2.5** | A bheith rannpháirteach i líonraí agus i dtionscnaimh ábhartha curaclaim agus measúnaithe, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tarraingt ar an bhfoghlaim uathu seo agus an fhoghlaim chéanna a scaipeadh. |
| **CS2.6** | Teagasc, foghlaim agus measúnú taighde-threoraithe a mholadh agus a chothú i scoileanna agus i suíomhanna mar bhunchloch faoi nuálaíocht agus forbairt churaclaim agus measúnaithe. |

## Cumasóir 3: Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil

Déanfaimid ár gcuid daoine a chumhachtú trí chultúr ionchuimsitheach tacúil lena n-éascófar comhoibriú, folláine agus an acmhainn agus na hinniúlachtaí atá riachtanach chun ár bhfís a réadú. Tacóidh na gníomhartha '*Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil*' a leanas linn na Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

| Uimhir | Gníomhartha |
|---|---|
| **CS3.1** | Straitéis Daoine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena gcruthófar áit oibre atá ionchuimsitheach agus sábháilte ó thaobh na síceolaíochta de ina gcumhachtófar daoine leis an obair is fearr is féidir leo a dhéanamh, ag neadú Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus tiomantas CNCM i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide sa chaoi a n-oibríonn agus a ndéanann CNCM cinntí. |
| **CS3.2** | Bealaí cumaisc inbhuanaithe oibre, cóiríocht oifige agus tacaíochtaí d'fhosaithe a sholáthar agus a fhorbairt lena n-éascófar comhoibriú éifeachtach, ionchuimsiú, freagracht aeráide agus dea-chaighdeán beatha don fhoireann ar fad, beag beann ar an áit a mbeidís lonnaithe. |
| **CS3.3** | Daoine CNCM a fhorbairt trí fhoghlaim shaincheaptha, forbairt ceannaireachta agus pleanáil d'fhórsa saothair le go mbíonn scileanna reatha agus todhchaí, lena n-áirítear scileanna digiteacha, cleachtas ionchuimsitheach agus inbhuanaitheacht, ann chun an Plean Straitéiseach a sholáthar agus chun leanúnachas, comhleantacht agus aistriú eolais a chinntiú. |

## Cumasóir 4: Rialachas

Beidh rialachas stóinsithe trédhearcach i bhfeidhm againn lena gcinnteofar cuntasacht, cleachtas eiticiúil agus maoirseacht éifeachtach i ngach dá ndéanaimid. Tacóidh na gníomhartha '*Rialachais*' a leanas linn na Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS4.1** | Éifeachtacht na Comhairle, a cuid fochoistí agus na struchtúr ionadaíoch a fheabhsú trí bheith ag tabhairt faoi agus ag freagairt d'athbhreithnithe seachtracha agus inmheánacha. |

| | |
|---|---|
| CS4.2 | Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a leabú sa chaoi a gcomhlíonann CNCM a sainchúram. |
| CS4.3 | An Creat Rialachais Chorparáidigh agus na cleachtais bhainteacha a fheabhsú, lena n-áirítear athbhreithniú iomlán agus nuashonrú an bhainistithe taifead, mar aon le feidhm iniúchóireachta leathnaithe. |
| CS4.4 | Cur chuige réamhghníomhach comhtháite i leith an bhainistithe riosca a leabú, lena mbítear ag súil le rioscaí a thiocfadh chun cinn, lena sainaithneofaí deiseanna, lena dtreorófaí an chinnteoireacht agus lena bhforbrófaí an teacht aniar ar fud na heagraíochta. |
| CS4.5 | Maoirseacht stóinsithe airgeadais a chothú agus a fhorbairt níos mó trí chórais airgeadais iontaofa agus rialuithe inmheánacha, chun Ráitis Airgeadais iniúchta a chruthú faoi na spriocdhátaí agus de réir na gcaighdeán riachtanach. |
| CS4.6 | Cloí le hoibleagáidí agus treoir rialachais, riaracháin airgeadais agus dlíthiúil chun seirbhís phoiblí den scoth a sholáthar agus chun gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. |
| CS4.7 | Úsáid an bhreithnithe inbhuanaithe, níos glaise agus sóisialta a chur chun cinn i bpolasaithe agus i gcleachtais na heagraíochta, lena n-áirítear soláthar poiblí. |

## Cumasóir 5: Teicneolaíocht Dhigiteach

Bainfimid feidhm as teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealaí nuálacha slána eiticiúla d'fhonn an rannpháirtíocht agus an chumarsáid a fheabhsú, chun tacú le cur i bhfeidhm curaclaim agus chun éifeachtacht na heagraíochta a neartú. Tacóidh na gníomhartha '*Teicneolaíochta Digití*' a leanas linn na Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| CS5.1 | Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealaí nuálacha cruthaitheacha eiticiúla d'fhonn an chumarsáid agus an abhcóideacht a fheabhsú, chun rannpháirtíocht agus díospóireacht a chothú agus chun cur in éadan aon mhífhaisnéise i dtaobh obair CNCM. |
| CS5.2 | Teicneolaíochtaí atá ann cheana agus teicneolaíochtaí éiritheacha a threisiú chun tacú le cur i bhfeidhm curaclaim, éifeachtúlacht agus slándáil oibríochtúil a neartú agus lorg carbóin CNCM a laghdú. |
| CS5.3 | Infheistíocht a dhéanamh i suíomhanna gréasáin CNCM agus iad a nuashonrú chun an inrochtaineacht a fheabhsú, ceanglais dlí a chomhlíonadh, agus freagairt d'iompraíochtaí agus treochtaí úsáideora a bheadh ag teacht chun cinn sna meáin ar líne agus sóisialta. |
| CS5.4 | An IS a chomhtháthú ar bhealach freagrach in oibríochtaí inmheánacha agus san fhorbairt curaclaim, i gcomhréir le treoir an rialtais, chun an nuálaíocht agus an éifeachtúlacht a chur chun cinn. |



## Cumasóir 6: Cumarsáid

Déanfaimid cumarsáid ar bhealach soiléir oscailte chun tuiscint a fhorbairt, chun iontaoibh a chothú agus lena chinntiú go gcuirtear faisnéis inrochtana, a bheadh bunaithe ar thaighde, i láthair spriocphobal leathan. Tacóidh na gníomhartha '*Cumarsáide*' a leanas linn na Spriocanna Straitéiseacha a bhaint amach.

| Uimhir | Gníomh |
|---|---|
| **CS6.1** | Straitéis Chumarsáide úr a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cur le feasacht an phobail ar ról CNCM agus ar an gcur chuige stóinsithe taighde-threoraithe i leith comhairle churaclaim agus mheasúnaithe a fhorbairt don Aire. |
| **CS6.2** | Breisfhorbairt a dhéanamh ar oilteacht na foirne maidir le cumarsáid inrochtana a fhorbairt thar gach sórt meáin, le Béarla, Gaeilge agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann in úsáid. |
| **CS6.3** | Aiseolas a thiomsú agus a úsáid chun tacú le cumarsáid éifeachtach. |



# An straitéis a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus breithmheas a dhéanamh uirthi

Déanfaidh Feidhmeannas CNCM cur i bhfeidhm, monatóireacht agus breithmheas ar Phlean Straitéiseach 2026-2029 a fhorfheidhmiú faoi mhaoirseacht na Comhairle. Bainfear é seo amach trí:

- plean bliantúil oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus é ailínithe leis na spriocanna/cumasóirí straitéiseacha, agus a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Óige. Sainaithneofar i ngach plean aschuir shonracha mar aon le spriocdhátaí (de réir ráithí).
- Córas Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta, atá ailínithe leis na cuspóirí straitéiseacha, a úsáid. Cuirfidh an córas seo béim láidir ar dheiseanna forbartha gairmiúla chun tacú leis an dul chun cinn i dtreo réadú na gcuspóirí sna ceithre bliana atá romhainn.
- An Chomhairle agus a cuid fochoistía choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta maidir le dul chun cinn. Cuidíonn an mhonatóireacht seo freisin maidir le riachtanais agus tosaíochtaí athraitheacha a shainaithint agus tacóidh sí leis an bpleanáil agus leis an gcinnteoireacht.
- Tuairiscí Bliantúla a ullmhú agus a fhoilsiú ina mbíonn cur síos ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh. Beidh Ráitis Airgeadais CNCM agus uasdátú ar fhorfheidhmiú Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine mar chuid de na tuairiscí seo.
- Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta bliantúil agus Comhaontú Íostarraingthe leis an Roinn Oideachais agus Óige a fhorbairt.
- a bheith rannpháirteach i gcruinnithe rialta Rialachais leis an Roinn.
- glacadh le dearbhuithe agus bheith ag foghlaim ó iniúchtaí le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ráitis airgeadais (a bhfoilsítear a dtorthaí i dTuarascálacha Bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) lena chinntiú go gcloítear le gach dlí, rialachán agus údarás rialaithe iomchuí mar aon le bheith ag cloí leis na caighdeáin is airde d'iompar eiticiúil agus bainistíocht fhónta airgeadais inár n-idirbhearta go léir.
- athbhreithniú lár téarma a dhéanamh ina mbainfear leas as an obair mhonatóireachta agus thuairiscithe. Déanfar amach san athbhreithniú seo cé acu atá coigeartuithe ag teastáil don dá bhliain atá fágtha den Phlean Straitéiseach nó nach bhfuil.
- an Fhoireann Ardbhainistíochta agus foirne bainistíochta earnála ag déanamh monatóireacht ar bhonn leanúnach ar an obair.

Nuair a dhéanfar a thuilleadh machnaimh ar an bPlean Straitéiseach i dtreo dheireadh na bliana 2029, cuirfear deis ar fáil chun díriú ar thionchar obair CNCM i gcaitheamh na gceithre bliana agus chun machnamh a dhéanamh ar chroí-fhachtóirí atá mar bhonn agus mar thaca faoi rath agus faoi na dúshláin maidir le forfheidhmiú na straitéise. Beidh an machnamh deiridh seo ina chuidiú chun tús a chur leis an gcéad phlean straitéiseach eile.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment